

March 2015

# Africa

St Patrick's Missions







*Gnéithe den  
Idirchultúrachas  
i nDánta Gaeilge  
le Liam Ó hÁinle*

## Ag Múineadh san Afraic

Marie Whelton

**S**a lá atá inniu ann, téann múinteoirí in Éirinn i ngleic go laethúil leis an éagsúlacht eitneach, leis an éagsúlacht theangúil agus leis an éagsúlacht chultúrtha. Ina theannta sin, tá go leor múinteoirí Éireannacha a chaitheann tréimhsí dá saol gairmiúil ag múineadh lasmuigh den tír agus a fhaigheann taithí luachmhar ar chultúir atá go hiomlán difriúil ó chultúr na hÉireann. Duine de na múinteoirí sin ab ea an Bráthair Críostaí, Liam Ó hÁinle (1920-2000). B'as Cill Míde, Co Luimnigh dó ó dhúchas. Chuaigh sé isteach sna Bráithre Críostaí sa bhliain 1936 agus rinne sé tréimhse staidéir sa Choláiste Oideachais a dtugtar "Institiúid Oideachais Marino" air anois. Chaith sé a shaol oibre ina mhúinteoir in Éirinn agus, nuair a chuaigh sé ar scor, d'imigh sé go dtí an tSaimbia. B'fhile Gaeilge suntasach é agus d'fhoilsigh sé ceithre chnuasach d'fhilíocht Ghaeilge san iomlán. Sna cnuasaigh *Dord Deataigh* (An Clóchomhar, 1996) agus *Goin Ocráis* (An Clóchomhar, 1999), chuir sé focail ar an eispéireas a bhí aige san Afraic. San alt gearr seo, ba mhaith liom dhá dhán dá chuid a chur os comhair oideachasóirí óir tugann na dánta sin léargas spéisiúil dúinn ar na dúshláin theangúla agus ar na dúshláin maidir le cúrsaí féiniúlachta a bhíonn le sárú ag múinteoirí a chaitheann tréimhsí ag múineadh páistí san Afraic.

### "Teannas Teanga"

Sa dán 'Teannas Teanga' (1999, 80), is é an múinteoir, seachas an páiste, a bhaineann leis an gcultúr iasachta. Déanann an file comparáid idir an t-eispéireas a bhíonn aige mar fhoghlaimoir teanga agus an t-eispéireas a bhíonn ag duine a dhéanann iarracht abhainn a thrasnú 'ar chlocha cora'. Léiríonn

an meafar sin go mbaineann teannas drámata le foghlaim agus le hionramháil teanga nua os comhair páistí - is beag bá agus comhthuisicint a léiríonn na páistí dó mar fhoghlaimoir. Agus é ag iarraidh é féin a chur in iúl trí theanga dhúchais na bpáistí, bíonn sé 'ag faire de shíor' ar na focail a úsáideann sé agus tuigeann sé gur féidir titim 'go tobann in uiscí na scige' de bharr na débhrí fuaimne:

*Mar dhuine ar chlocha cora  
ag coimhead a chéimeanna,  
i seomraí ranga anseo  
i gcóngar na Saimbéise  
bím ag faire de shíor...  
ar eagla mo thitime go tobann  
in uiscí an scige nó an scannail  
in abhainn mo lucht éisteachta,  
de dheasca fochaisí focal  
comhfhuaime ach claonbhí -  
i gcorrhocail is a gciútaí cainte  
sa dá theanga dhil dhúchais, Nyanja,  
is an teanga náisiúnta, an Béarla.*

### "Coilíneachas"

Is léir óna shaothar fileata i gcoitinne go ndeachaigh páistí áirithe i gcion go mór ar Liam Ó hÁinle agus é ag múineadh san Afraic. Sa dán "Coilíneachas" (1996, 65) luaitear an páiste, 'Tabo Kaingu', mar shampla, agus is díol spéise é gurbh é Tabo Kaingu a rinne na léaráidí ar fad sa chnuasach deireanach a d'fhoilsigh an t-údar (*Goin Ocráis*). Is dán é 'Coilíneachas' ina bhféachann Ó hÁinle ar dhúshlán an domhandaithe (*globalization*) agus ar an tionchar diúltach a bhíonn ag luachanna an Iarthair ar fhéiniúlacht pháistí na hAfraice. In ainneoin chomharthaí féiniúlachta na Saimbia a bheith le feiceáil



Left: The Gold Medal winning garden at the Bloom Garden Festival 2013 in Dublin was designed to illustrate traditional small scale farming practice in Zambia. Irish charity Concern Worldwide sponsored the garden to raise awareness of sustainable agriculture as a means of improving nutrition. (Photo: M. Whelton)  
Below: Léaráid ó Dord Deataigh.


sa timpeallacht, is pictiúr de theach mór, ar stíl iasachta, a tharraingíonn Tabo Kaingu ina chóipleabhar, pictiúr a mhúsclaíonn alltacht sa mhúinteoir. Iarrann an múinteoir ar an bpáiste teacht chuige agus molann sé dó a bheith dílis dá chultúr féin agus 'Likambi' (teach beag dúchasach de chuid na Saimbia) a líniú ina chóipleabhar:

*A ghasúirín  
cheannchataigh...  
Oscail dom do  
chóipleabhar beag  
atá id mháilín plaisteach...  
Cén diabhal duine a línigh  
duit*

*an teach mór iasachta  
ceannslinne  
nach bhfaca do shúile a  
shamhailsin cheana?  
Gabh i leith, Tabo Kaingu,  
is línigh do Likambi anseo...  
A Likambi, a fhíor-dheilbh de Nua-Saimbia,  
is geal lem' chroí do mhór-mheangadh...  
suite socair anois id bhoth-bhaile.*

## Teaching in Africa

**L**iam Ó hÁinle was a Christian Brother from Co Limerick who spent his working life as a teacher in Ireland. When he retired, he moved to Zambia where he continued to work as a teacher until his death in 2000. He was buried in Livingstone according to his wishes. He was also a significant Irish-Language poet who used poetry as a medium for reflection on his own professional practice as an educator. This short article looks at just two poems that were inspired by his African experience. The first explores the challenges the teacher must overcome when attempting to acquire a second language and the second examines the important role the teacher plays in nurturing pride in African identity. In the latter poem, the tension between global culture and native culture is evident when, to his teacher's surprise, Tabo Kaingu sketches a big slated house in his copybook, Ó hÁinle tries to direct his student towards the richness of his own architectural heritage by advising him to draw a small native Zambian house: 'Open for me your little copybook/that is in your plastic bag.../Who drew for you/ that big foreign slated house/your eyes never saw its like before?/Come here, Tabo Kaingu,/and draw your Likambi here...'



a oidhreacht ailtireachta náisiúnta (*national architectural heritage*) féin a urramú agus a cheiliúradh. Cé go bhfuil an chuma ar chaint an mhúinteora, uaireanta, go bhfuil sé ag caitheamh i ndiaidh ré órga agus cé nach luaitear an bhochtaineacht go hoscailte, tá a rian ar na tagairtí don 'mhála plaisteach' agus don 'bhoth-bhaile'. Más 'coilíneachas' a shamhlaítear leis an gcultúr domhanda, is féidir gurb í an easpa maoinne a shamhlaítear leis an rud traidisiúnta Afracach. Sa chomhthéacs sin, spreagann an dán go leor ceisteanna faoin tslí a gcuireann an bhochtaineacht leis an teannas idir an fhéiniúlacht nua-aimseartha dhomhanda agus féiniúlacht náisiúnta an pháiste, agus, go leor ceisteanna dá réir, faoi na dúshláin ar leith a bhíonn le sárú ag múinteoirí atá ag obair le páistí sa chuid sin den domhan atá i mbéal forbartha.

B'oidé agus b'fhile é Liam Ó hÁinle a fuair bás in

Livingstone sa bhliain 2000, agus de réir a mhéine féin, ba san Afraic a cuireadh é. Mar a léiríonn an spleachadh gear seo ar a chuid dánta, bhain sé úsáid leanúnach as an bhfilíocht mar mheán chun machnamh a dhéanamh ar ghnéithe dá chleachtas gairmiúil féin. Ní machnamh maoithneach é an machnamh sin, ach is machnamh macánta criticiúil é nach seachnaíonn an ceistiú domhain ná topaicí móra an oideachais idirchultúrtha. Sna dánta thuas, pléadh tábhacht na féiniúlachta agus sealbhú an dara teanga go háirithe, ach tá go leor dánta eile le Liam Ó hÁinle a bheadh ina n-ábhar spéise do mhúinteoirí. Sna dánta "Mála Mine" (1996, 24) agus "Oidhreacht" (1999, 67), mar shampla, pléann sé leis an bpolaitíocht inscne san Afraic. Is léiriú í filíocht Uí Áinle gur foinse fhiúntach d'oideachasóirí í an fhilíocht a chumann múinteoirí i gcoitinne, ní hamháin do thuairiscí ar stair an oideachais ach do léargais luachmhara ar dhúshláin thráthúla. ■

Tá Marie Whelton ina léachtóir le Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath

Is cinnte go dtuigeann an múinteoir sa dán go bhfuil ról lárnach aige mar oideachasóir i gcaomhnú féiniúlachta atá i mbaol a caillte agus go ndéanann sé iarracht mhór feasacht chultúrtha a dhalta a mhéadú. Molann sé don pháiste saibhreas

